

Ábhar

Cúrsaí Nuachta

Mír Físe

Mír Nuachta ‘Miss America’ ó TG4 (24 Eanáir 2011)

Téacsanna Léitheoireachta

Sliocht as an leabhar *Ar an Taifead: Fís, fuaim, focal* le Breandán Delap. Cois Life: Baile Átha Cliath 2007

Le caoinhead ó Chois Life agus ón údar

Litir a foilsíodh in *The Irish Times* (6 Eanáir 2009)

Le caoinhead ó *The Irish Times* agus ó údar na litreach

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar an téacs d’fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



Cúrsaí Nuachta

Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar mhír nuachta de chuid TG4 ar ball. Ansin beidh tú ag léamh sleachta as an leabhar *Ar an Taifead, fíis, fuaim, focal*, ina ndéanann an t-údar Breandán Delap cur síos ar cad is mír nuachta ann.

Sula bhféachann tú ar an mír nuachta, déan na tascanna thíos le do ghrúpa:

- Céard is nuacht ann, dar leat? Pléigh agus scríobh sainmhíniú.
- Cad iad na tréithe a bhaineann le mír nuachta mhaith? Pléigh agus déan liosta.
- Cén cineál nuachta a thaitníonn leat? Déan liosta agus cuir i gcomparáid é le liostaí na mac léinn eile sa ghrúpa.
- Conas a fhaigheann tú féin scéalta nuachta? Teilifís? Raidió? Nuachtáin? An t-idirlíon? Pléigh.
- Cad iad cúraimí / tréithe an iriseora? Déan liosta.
- Tabhair féin agus do pháirtí sainmhíniú ar na téarmaí seo a leanas:

preasoifigeach
preasráiteas
ráiteas eisiach
giotán
feasachán
sprioclucht féachana/éisteachta

Éisteacht agus Léamh

- Féach ar an mír nuachta agus pléigh na ceistanna seo a leanas le do ghrúpa:
 - o Cad a cheap tú faoin mír nuachta seo?
 - o An dtagann an mhír leis an sainmhíniú a scríobh tú níos luaithe ar cad is nuacht ann?
 - o Cén fáth ar chuir TG4 spéis sa mhír nuachta áirithe seo, dar leat? Agus an mhír cloiste agat, an dóigh leat go bhfuil difríocht idir sprioclucht féachana Nuacht RTÉ agus Nuacht TG4?
- Anois léigh an sliocht le Breandán Delap faoi cad is nuacht ann (*Ar an Taifead, fíis, fuaim, focal*. Cois Life 2007) agus pléigh an ráiteas thíos as an sliocht i gcomhthéacs na míre nuachta atá feicthe agat.

‘...agus ábhar príomhscéil a bheadh ann do na meáin Ghaeilge seans, dá mbeadh líofacht teanga ag an fhear nó dá mba chuid de chuain coileán as Carna é an madra!...’
- Cad iad na príomhphointí atá á ndéanamh ag an údar sa sliocht seo?

Feasacht Teanga

- Cén Ghaeilge a bhí sa mhír nuachta ar na leaganacha seo?
 - o She is an Irish-American
 - o She is one of eight children
 - o A press officer confirmed
 - o She is not just of Irish origin
 - o She'll do a tour of America
- Cén Ghaeilge a bhí ar an gceist seo sa téacs? *Who was the man and who did the dog belong to?*

Anois déan iarracht Gaeilge a chur ar na ceisteanna seo a leanas:

- o Who are those people?
- o Who were those people?
- o Who was that woman?
- o Where was he from?
- Conas a chuirfeá Béarla ar na habairtí thíos as an alt?
 - o Ba mhó i bhfad an scéal é dá mba mhadra clúiteach a bhí ann.
 - o Dá ghaire don bhaile é, is ea is fusa suim a mhúscailt ann.
 - o Dá mhéad éifeacht a bhíonn ag scéal...is ea is tábhachtaí é i súile an phobail.
- Anois déan iarracht Béarla a chur ar na cinn bhreise seo:
 - o Dá laghad é is breis é
 - o Dá dheacra an chéad leabhar, is ea is measa an dara ceann
 - o Ba chostasáí an chéad leabhar ná an dara ceann
 - o Ba lú an éifeacht a bhí ag an scannán sin orm
- Cuir na focail agus na frásaí seo as an téacs in abairtí a léireodh a mbrí:

macasamhail
neamart
suntas
béadán
claochlú
leasc

Iarobair

Plé agus Tascanna

- Cad é do dhearcadh féin faoi chomórtais áilleachta? Pléigh le do ghrúpa.

- Cén struchtúr ba cheart a bheith ar mhír nuachta? Pléigh le do ghrúpa agus ansin scríobhaigí script a bheadh oiriúnach do mhír nuachta dhá nóiméad do stáisiún teilifíse campais.
- An dóigh leat go gcuireann muintir na hÉireann an-spéis i sloinnte? An bhfuil cur amach agat ar do shloinne féin? Cad as ar tháinig sé?

Féach ar an sampla thíos d’ainm Sheáin Uí Ríordáin. An féidir an múnla céanna a chur i bhfeidhm ar na sloinnte eile? Más féidir, déan an t-athrú cuí.

Seán Ó Ríordáin
Uí Ríordáin

An Ríordánach

scríbhinní Sheáin

Máirtín Ó Direáin, Nuala Ní Dhomhnaill, Michael Davitt, Seán Ó Súilleabháin, Mícheál Mac Cárthaigh.

- Cad atá ar eolas agat faoi shloinnte agus faoi ainmneacha i gcultúir eile? Pléigh agus ansin léigh an sliocht thíos as ríomhphost a scríobh bean Ghaeltachta atá ag obair in ollscoil in Dubai.

Bím ‘addlálta’ ar fad ag ainmneacha. Bhíos ag iarraidh cruinniú a eagrú anseo inné le hAontas na Mac Léinn. Ghlaos ar sheachtar darbh ainm Mohammad. Seachtar! Ghlaos ar thriúr Ibrahim. N’fheadar conas a aithneod óna chéile iad. Ní chabhraíonn na sloinnte. Dúirt Ibrahim Abdulrahman Mula Ibrahim Ahmad Albastaki nach bhféadfadh sé freastal, ach dúirt Ibrahim Ahmad Alabd Ahmad Bin Yahweel go mbeadh sé i láthair, le cúnaimh Dé, *inshallah!* A Dhia na glóire! Is dóigh liom, ach nílím i mo shaineolaí ar an gcúram fós, go dtugtar ainm an athar orthu, ainm an athar chríonna agus sloinne éigin treibhe – cuirtear a thuilleadh leis sin ach n’fheadar fós cad as a dtagann siad ar fad. Cheapas go raibh an scéal casta nuair a bhíos i Meiriceá Theas nuair a bhíodh sloinne na máthar agus an athar in úsáid ach tá sé seo níos casta. Chomh fada is a thuigim, ciallaíonn ‘abu’ ‘athair’; ‘abdul’ ‘sclábhaí le’; ‘bin’ ‘mac’; ‘bint’ ‘iníon’; ‘um’ ‘máthair’ – ‘Bin Laden’ – sin ‘mac Laden’, mar sin. Ach ar shlí, ba cheart go mbeadh taithí agamsa ar an gcúram seo – ní bhíonn an scéal puinn níos simplí ag’ baile. Cuimhnigh ar leithéidí ‘Neil Sheáin Tom ac’ Gearailt’ nó ‘Tomaí Tom Tom Ó Sé’!

- Anois féach ar an litir seo a foilsíodh in *The Irish Times* cúpla bliain ó shin. Cén mhíthuisicint i leith sloinnte agus ainmneacha Gaelacha a bhfuil údar na litreach ag trácht uirthi?

A horrific honorific

Madam, - Your report ‘Language group backs EU car tag change’ (January 2nd) caught my eye, though as a non-driver the issue doesn’t keep me awake at night. The campaign in question, we are told, was begun by Raidió na Gaeltachta personality Máirtín Tom Sheáinín. Quickly glancing through the report, my eye was arrested again by a reference to ‘Mr Sheáinín’.

I thought I had seen everything. That’s a good one. Keep it up. – Yours, etc.

The Irish Times, 6 Eanáir 2009. Le caoinhead ó *The Irish Times* agus ó údar na litreach.

Téacs

‘An chéad dréacht garbh den stair,’ is ea an sainmhíniú a thug Ben Bradlee ar nuacht. Tá bunús maith leis an léamh seo ó tharla go raibh Bradlee ina eagarthóir ar *The Washington Post* sna 1970í nuair a d’fhoilsigh an nuachtán sraith scéalta faoin bhuirgléireacht a rinneadh ar cheanncheathrú an Pháirtí Dhaonlathaigh in Watergate. Bhí mar thoradh ar na tuairiscí nach raibh an dara suí sa bhuaile ag Uachtarán SAM, Richard Nixon, ach éirí as oifig.

Is geall le seamsán smolchaite é an sainmhíniú ní ba áiféisi a bhí ag an iriseoir clúiteach ón naoú haois déag, Charles A Dana: ‘When a dog bites a man, that is not news, but when a man bites a dog, that is news.’ Níl aon chinnteacht ann, áfach, go nglacfaidh an t-eagarthóir nua-aoiseach leis mar shainmhíniú bailí. Bheadh tuilleadh sonraí de dhíth; cérbh é an fear agus cérbh leis an madra? Más duine a bhí gann i gcéill a bhain an phlaic, seans maith nach dtuillfeadh an scéal níos mó ná paragraf beag ar leathanach uaigneach éigin ar chúl an nuachtáin. Seanscéal is meirg air, a déarfadh an t-eagarthóir tablóideach, mura bhféadfaí a chruthú gur hamstar seachas madra ar baineadh plaic as! Chuirfeadh sé go mór leis an scéal ar ndóigh dá mba dhuine aitheanta é an fear a bhí i gceist. (Samhlaigh, mar shampla, dá ligfeadh Roy Keane racht feirge amach ar a labradóir dílis *Triggs!*) Ba mhó i bhfad an scéal é dá mba mhadra clúiteach a bhí ann – Bran nó Sceolan nó *Master McGrath* cuir i gcás nó fiú Pangur Bán i gcás an eagarthóra a mheasann nár cheart go dtiocfadh na fíricí idir tú agus scéal maith. Dhéanfadh sé scéilín deas tánaisteach don nuachtán nó ‘kicker’ do dheireadh an fheasachán teilifíse dá mb’amhlaidh gur tháinig lucht athbhreithnithe na staire ar fhianaise úr faoin chúis gur athraigh Setanta a ainm. Agus ábhar príomhscéil a bheadh ann do na meáin Ghaeilge seans, dá mbeadh líofacht teanga ag an fhear nó dá mba chuid de chuain coileán as Carna é an madra!...Ní lia iriseoir ná tuairim, mar sin, faoi céard is nuacht ann...

...Is féidir a rá gur tráchtarra é an nuacht agus go mbíonn na meáin ag soláthar seirbhíse atá bunaithe ar éileamh an phobail. Is é an margadh a riarann an tionscal agus mar is dual i gcás mar sin bíonn próiseas táirgíochta i gceist. Tógtar imeachtaí na tíre is an domhain, déantar iarracht ciall a bhaint astu agus cuirtear i láthair iad i bhfoirm gur féidir leis an phobal iad a thuiscint.

Is sórt acmhainne nádúrtha é an nuacht fosta. Murab ionann is acmhainní nádúrtha eile, áfach, is féidir leis athghiniúint a dhéanamh air féin. Ach ar aon dul le hacmhainní nádúrtha eile, cailltear a bhlas má bhaintear an t-úr as! Is beag a éifeacht má imíonn an ‘nua’ as an nuacht. Cé gur mór a luach nuair a bhítear á bhailiú, á ullmhú agus á chur i láthair, ní fiú tráithín é nuair a bhíonn sé caite. Tar éis an tsaoil, baineann mangairí éisc úsáid as nuachtáin an lae inné lena gcuid earraí a bhurláil!

...Baintear úsáid go minic as an cheannlíne mhagúil a maítear a d’fhoilsigh *Times* Shasana tráth den saol – ‘Small Earthquake in Chile – Not Many Dead’ – mar eiseamláir ar scéal leamh nuachta, nach fiú a léamh. Go deimhin, bhí a mhacasamhail de thuairisc ar Nuacht an Deiscirt ar RTÉ/RnaG ar 10 Márta 2007. Dúradh linn gur tharla mionphléasc an tráthnóna roimhe sin i monarcha ceimiceán sna Déise ina raibh céad duine fostaithe ach: ‘níor gortaíodh aon duine agus níor cuireadh isteach ar tháirgíocht na monarchan!’

Le go mbeadh éifeacht ag scéal, níor mhór go mbainfeadh sé le hábhar a chothódh suim sa léitheoir, breathnóir nó éisteoir. Dá ghaire don bhaile é, is ea is fusa suim a mhúscailt ann.

Maítear gur lú i bhfad an tábhacht ó thaobh na nuachta de a bhaineann leis na fadhbanna móra a bhíonn ag daoine eile le hais na bhfadhbanna beaga a bhíonn agat féin! Mar a dúirt iriseoir amháin: ‘A whole population might be destroyed in Peking or Macedonia, but it would not interest them [na léitheoirí] as much as a fight in a street in which their aunt once lived.’ (Palmer, 1978).

Ní gá gur ábhar bróid é seo. Is minic a dhéantar neamart i scéalta tábhachtacha i bhfad i gcéin, nó nach dtugtar an suntas ceart dóibh. Seans maith go mbeadh buama sráide in Bagdad íseal go maith in ord reatha na nuachta, mar shampla, de bharr go meastar gur beag suim atá ag pobal na hÉireann ann. D’fhéadfadh go bhfágfaí ar lár go hiomlán é sna nuachtáin thablóideacha agus tús áite tugtha ina áit don bhéadán is déanaí faoi Posh Spice. Fiú níos gaire do bhaile, deirtear go raibh sé mar pholasáí neamhfhoirmeálta ag go leor de nuachtáin an deiscirt nach mbeadh scéal a bhain leis na trioblóidí ó thuaidh le feiceáil os cionn an fhillidh.

Feictear do sheanfiondúirí áirithe nuachta go bhfuil claochlú chun donais tagtha ar thosaíochtaí na n-eagraíochtaí nuachta anois. Maítear gurb í an chloch is mó ar a bpaidrín ná cíocras lucht airdill a shásamh, fiú más dall ar mhóirmeachtaí an tsaoil a bheidh siad:

But while we ran for our lives in Mostar and Sarajevo, the audiences slid from the giddy peaks of the eighties, and ‘boring Bosnia’ began to be edged out off the screen in favour of gentler, more consumer-friendly items. Seen from the London newsdesk, in a world of distant wars and insoluble famine, priorities were different. Consumer affairs, money matters, crime, education, health and house prices – your life, your preoccupations – with a leavening of sport and a sprinkling of celebrity gossip. All presented in a more intimate manner – lots of Hello Mike and Thank You Debbie – Take Care Now! The reporter was to act the role of ‘facilitator’ of information, eager and chatty and occasionally earnest and concerned. Or moved. Or sombre. No longer a straight conduit of facts, but a flexible conveyor of impressions. (Adie 2002: 414)

Ní féidir a mheas i gcónaí cad iad na scéalta a léireoidh an léitheoir nó an t-éisteoir aonair suim iontu. Óir is rogha thar a bheith suibiachtúil é sin a bhíonn bunaithe ar thógáil, oideachas, taithí agus creideamh an duine mar aon le tosca eile nach beag. D’ainneoin sin, bheadh chor a bheith achan eagarthóir ar aon intinn faoi chritéir áirithe: dá mhéad éifeacht a bhíonn ag scéal ar bheatha, ar thuarastal agus ar mhothúcháin lucht a léite, éisteachta nó féachana is ea is tábhachtaí é i súile an phobail. Bíonn sé seo ar chúl a chinn ag gach eagarthóir nuachta agus é nó í ag cur ord reatha le chéile.

Cuirtear i leith na meán go minic mar sin go mbítear ag díriú i bhfad barraíocht ar mhianta an phobail is leithne seachas ar ábhar spéise mionlaigh. Deirtear fosta gur mó de shuim atá ag iriseoirí i ndrochscéalta agus gur leasc leo poiblíocht a thabhairt do nithe dearfacha. Tá ruidín den fhírinne sna líomhaintí sin. I dtús báire, níor mhór a áiteamh go mbíonn na meáin, ar aon dul le gnónna eile, i síoriomaíocht lena chéile agus go laghdóidh líon a gcuid éisteoirí, breathnóirí nó léitheoirí mura ndíreoidh siad ar mhianta an phobail i gcoitinne seachas ar théamaí mionlaigh. Lena chois sin, thiocfadh leat a mhaíomh gur mó d’éifeacht a bhíonn ag scéalta diúltacha, nuair a chuirtear an gnáthchóras maireachtála as a riocht, ar dhaoine ná mar a bhíonn ag dea-scéalta. Dá bharr sin, tugtar áit shuntasach san ord reatha do scéalta a bhaineann le stailceanna, círéibeanna, agus drochaimsir mar go mbíonn drochthionchar acu ar bheatha dhaoine. Is faoin té a bhíonn ag scríobh na nuachta a thiteann sé a chinntiú go sásófar cíocras an éisteora, an bhreathnóra agus an léitheora agus iad a chur ar an eolas faoi na sonraí cuí. As an leabhar *Ar an Taifead: fíis, fuaim, focal* le Breandán Delap (Cois Life: 2007).

Le caoinhead ó Chois Life agus ón údar.

Téipscript

Éimear Ní Chonaola

Anois ag fanacht ar an taobh sin den domhan, is í Teresa Scanlan duine de na mná is óige riamh a bhuaigh an comórtas *Miss America*. Is Gael-Mheiriceánach í Teresa Scanlan agus is í an chéad Miss Nebraska í a bhuaigh an comórtas riamh.

Áine Lally

Níl Teresa Scanlan ach seacht mbliana déag d'aois agus is í an duine is óige í a bhuaigh *Miss America* le seachtó a ceathair bliain. Tá cónaí ar Teresa in Gering in iarthar Nebraska sna Stáit Aontaithe. Tá sí ar dhuine d'ochtair clainne. Dheimhnigh oifigeach preasa de chuid *Miss America* do Nuacht TG4 inniu gur Gael-Mheiriceánach í Teresa Scanlan ar thaobh a hathar. Ach ní fios go cinnte cén contae ina bhfuil bunadh a hathar. Ní de bhunadh na hÉireann amháin í Teresa ach de bhunadh na Cróite agus na Gearmáine freisin. Go deimhin ní hiontas go gcuirfeadh muintir Scanlái anseo in Éirinn spéis faoi leith i gcomórtas *Miss America* na bliana seo.

Síle Ní Scanlái, craoltóir

Bhuel, caithfidh mé a rá go bhfuil an-ríméad orm. Is álainn an rud é sloinne a roinnt le duine a bhain duais mhór mhillteach amach agus is deas an rud é freisin do mhuintir na hÉireann, is cineál dea-scéala ar bhealach amháin é, go bhfuil gaol againn, nó baint againn le bean a bhain amach ...a rinne éacht mór millteach.

Áine Lally

Tabharfaidh Teresa camchuart timpeall Mheiriceá as seo go ceann roinnt míonna agus cá bhfios nach dtabharfadh sí cuairt ar an tír seo am éigin chun casadh le cuid de na Scanlái eile b'fhéidir. Áine Lally, Nuacht TG4.

Nuacht TG4, 25 Eanáir 2011.